

Spléachadh ar Fhilí Thuamhan san Ochtú hAois Déag

ÚNA NIC ÉINRÍ

Aitheasc ar ócáid seolta dhá leabhar i gColáiste Mhuire gan Smál: *An Eala ar a bhfuaid: Cúirt an Mheán Oíche i Lámha na Scriobhaithe*, le Liam Mac Peaircín (Coiscéim, 2016), agus *Filí Luimnigh gan Iomrá san Ochtú hAois Déag*, le hÚna Nic Éinrí (Coiscéim, 2016).

Ag deireadh na gcainteanna iomadúla a thugadh an tEaspag Fulton J. Sheen (1895-1979) ar an teilifís, ba ghnách dó a bhuíochas a chur in iúl ‘to my four writers, Matthew, Mark, Luke and John’. Is iad na ‘script-writers’ a bhí againne agus sinn ag gabháil don dá leabhar seo ná na scríobhaithe ar fuaid na Mumhan, atá cailte anois, ach a chuir bunábhar ár leabhar i dtaisce sna lámhscríbhinní, ionas nár imigh sé faoi smúit na díchuimhne. Ba iad laochra an ochtú haois déag iad; go deimhin féin ba iad foilsitheoirí a linne iad, toisc gur beag focal Gaeilge a cuireadh i gcló ag an am. Tagann scéilín grinn chun cuimhne faoin gcompántas drámaíochta ó Shasana a chuaigh go Meiriceá chun saothar Shakespeare a léiriú. Shroich siad baile beag iargúlta sa Midwest, agus chinneadar ar *Hamlet* a chur ar an stáitse. Bhí na haisteoirí buartha nuair a scaoileadh an brat anuas ag an deireadh, mar gur léir nár thuig an lucht éisteachta an scéal. Tar éis tost sách fada tosnaíodh ag greadadh na gcós, agus chualathas an bhéicíl: ‘author, author’. ‘Is amhlaidh nach dtuigeann na créatúirí bochta go bhfuil Shakespeare marbh’, arsa na haisteoirí eatarthu féin. ‘Níl súilaithe acu ortsa’ ar siad leis an léiritheoir; ‘b’fhearra dhuit dul amach in áit Shakespeare chun iad a shásamh’. Chuaigh sé amach ar an stáitse, agus rinneadh é a lámhach ar an bpointe boise!

Ar eagla na míthuisceana, más ea, is mian liomsa a rá, nach bhfuilimid inár n-údair, ach gur eagarthóirí sinn ar shaothar na bhfilí a chuaigh romhainn, agus, mar eagarthóirí, bímid ag brath ar dhúthracht na scríobhaithe a chuir an fhilíocht sin i dtaisce sna lámhscríbhinní. Aon uair a mbuaileadh *magnum opus* leo, ní thagadh stad orthu ach á chóipeáil. Ná ní rabhadar ina gcóipeálaithe dílse i gcónaí, mar uaireanta bhainidís agus uaireanta eile chuiridís leis an dán, i dtreo is gur dheacair uaireanta a bunsaothar a aithint. Thuig na scríobhaithe míorúilt an dáin ‘Cúirt an Mheán Oíche’, agus, mar a léirítear in *An Eala ar a bhfuaid*, rinneadh os cionn céad cóip de. Is é atá déanta ag Liam Mac Peaircín ina leabhar ná leaganacha dioplómaitiúla ó lámha ceathrar scríobhaithe a sholáthar dúinn ar thaobh amháin den leathanach, fhaid a thugann sé litriú na leaganacha sin chun rialtacht ar an taobh eile. An aidhm atá aige ná na héagsúlachtaí eatarthu a thabhairt chun solais. Faightear aistriú Dennis Woulfe ar an dán sa leabhar chomh maith.

Murab ionann agus Merriman, bhí an dáréag filí a bpléitear leo i leabhar Nic Éinrí, gan iomrá. Bhíodar amhlaidh mar nár chuir na scríobhaithe an oiread sin suime ina gcuid ceapadóireachta. Mar shampla, gheofá cúig nó deich gcóip, b’fhéidir, de dhán amháin sna lámhscríbhinní, fhaid a bheifeá i dtaobh le leagan amháin de dhán eile. Cinneadh, más ea, ar eagrán chriticiúla de gach dán a sholáthar, bunaithe ar na foinsí a raibh fáil orthu. Cuireadh in oiriúint iad do léitheoirí an lae inniu le cabhair nótaí téacs agus léirmhínte. Gheofá ‘filí áitiúla’ a ghlaoch ar an dáréag, más ea, fhaid a bhí Merriman ina fhile ‘aitheantúil’.

Fadó fadó riamh, na cianta sular rugadh ár bhfilí-ne, bhí leaid óg dár bh ainm Setanta sa seomra ranga lá, nuair a thuar an múinteoir pé duine a rachadh amach an lá sin ag déanamh gaisce, nach mairfeadh sé i bhfaid, ach go mairfeadh a ainm ina dhiaidh. ‘Raghadsa amach’, arsa an buachaill, mar is cuma mura mbeinn ach aon lá amháin ar an saol seo, ach go mairfeadh m’ainm go deo.’ Is ó ré na Rúraíochta don scéal sin, ach tá le tabhairt faoi deara gur beag idir ‘ainm’ agus ‘anam’ ó thaobh na sanasaíochta de. Dá mairfeadh do ainm, gach seans go mairfeadh do anam chomh maith, dar leo. Pé scéal é, maireann ainm Setanta, ar ghlaoth ‘Cú Chulainn’ air ina dhiaidh sin, go dtí an lá inniu féin, agus ba é an inspioráid a bhí laistiar de Éirí amach na Cásca.

Fear ón ochtú haois déag a maireann a ainm go fóill leis, is ea Brian Mac Giolla Meidhre, nó Merriman mar is fearr aithne air. Thochail sé sa seanchas, sna piseoga, sna horthaí, agus i gceol na bhfocal ina thimpeall i gCo. an Chláir, agus mhúnlaigh sé is d’athchóirigh sé iad, nó gur chlaochlaigh sé ó bhonn iad. An ‘leanbh’ a rugadh de bharr na meiteamorfoise sin ná *Cúirt an Mheán Oíche*, agus ní féidir a shéanadh ná gurbh í áille na háille í. ‘A terrible beauty’ a bhí ann, a chuir sceon is gliondar in éineacht ar na scríobhaithe a lean dá chóipeáil go ceann i bhfaid i ndiaidh a bháis, mar a léiríonn Liam Mac Peaircín. Is mó sin teanga eile a maireann ainm is anam Merriman inti inniu, ó Cho. An Chláir go dtí an tSeapáin, ó Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh, áit ar aistrigh Dennis Wolfe é san naoú haois déag, go Kyoto na Seapáine, mar ar cuireadh leagan gleoite i gcló anuraidh, fé stiúir Kuninao Nashimoto, nó Nao, mar is fearr aithne air in Éirinn, áit ar fhoghlaim sé a chuid Gaeilge.

Ní raibh an t-aitheantas céanna i ndán do fhilí Luimnigh. Mar a dúradh, ba fhilí áitiúla iad a chuir síos ar ghnáthimeachtaí an lae. Chothaíodar cairdeas an léinn ina measc féin. Léiríodar meas ar an bhflaithiúlacht is ar an bhféile. Chreideadar fós sna horthaí leighis, mar nuair a bhí na Fionna (cataracts) ag bagairt ar dhuine díobh, Aindrias Mac Mathúna, súdaire, file, is scríobhaí, a raibh cónaí air sa chathair, ba ar Sheán Ó Tuama a d’iompaigh sé ar son ortha; mar bhí an Tuamach tar éis Richard Croker ó Chromadh a leigheas le hortha na gcnap. Is suimiúil go n-iompódh fear, a bhí go maith as, ar an ortha, go háirithe nuair is eol dúinn lia súl mór le rá a bheith ina chónaí i Luimneach ag an am. B’shin é Silbhester Ó hAllmhúráin (1728-1807), a rugadh i gCathair Dháibhín, agus a mhaíodh gaol le Seán Clárach Mac Dónaill. Deir na leánna súl linn go bhfuil glacadh le teoiricí Uí Allmhúráin ar an radharc go dtí an lá inniu féin.

Pé scéal é, is léir go raibh filí Luimnigh ag brath ar a chéile, mar bhí ré na n-éarlambh litríochta ag síothlú léi. Toise go rabhadar saor dá réir ó lancaisí na pátrúnachta, is fusa dúinn-ne meon na linne a bhrath ina saothar, mar nach rabhadar ag cuimilt ar na boic mhóra. Níor chreideadar i gcoilíneacht Shasana, mar shampla, ná sna daoine a ‘ghoid’ talamh a sinsear uathu. An caidreamh daonna, dá bharr, a chothaíodar eatarthu féin, is é sméar mhullaigh an leabhair *Filí Luimnigh gan Iomrá* é, mar is tríd a fhaighimid spléachadh ar imeachtaí laethúla in Éirinn san ochtú haois déag, trí shúile daoine ar dhein na leabhair staire dearmad orthu.

Ar léamh Lecky nó Froude, a scríobh stair na hÉireann i dtreo dheireadh an naoú haois déag, ba dhóigh le duine nárbh ann in aon chor do na filí, ná don teanga Ghaeilge féin. An tátal a bhain Dónall Ó Corcaire / Daniel Corkery as sin ná go gcaithfeadh gur san iargúil a mhair na filí, in áiteanna chomh hiaragúlta sin is nach rachadh leithéid na Healy's Rae féin chucu ar thóir an vóta!! ‘Beyond all the fat lands’ a mhaireadar, dar le Ó Corcaire, ina *Hidden Ireland*. . . ‘beyond the mountain ranges’. De réir na fianaise a bhailigh Nic Éinrí, áfach, ba sna ‘fat lands’ sin, nó sna tailte méithe féin a raibh cónaí orthu. Eisceacht ba ea an tAth. Lughaidh Ó Coileáin, a chónaigh ar an gCreaig, láimh le

Cnoc Uí Choileáin. Sagart paróiste ar Mhainistir na Féile ba ea é, agus n'fheadar conas a chothaigh sé caidreamh fileata leis an Mangaire Sógach, ná le filí na Máighe, ag am nach raibh bóthar ar fónamh in iarthar an chontae.

Taobh amuigh den eisceacht sin amháin, áfach, ba sna bailte móra agus sa chathair a mhair ár gcairde. Féachaimis orthu siúd a raibh cónaí orthu i gcathair Luimnigh féin. Gheofá a áiteamh go rabhadar ag cur fúthu faoi thrí mhíle timpeall ón áit a bhfuil Coláiste Mhuire gan Smál anois. Ba é Seán Ó Tuama a bhí mórálach as a sheoladh ag Geata Mhungairit, mar shampla. Mhair Seán Ó Maoldomhnaigh ag Sráid an Chaisleáin, áit ar thug sé lámh chúnta do scríobhaithe is d'fhilí. Ba bhall de na Máisiúin, leis é, a bhí go láidir i Luimneach agus sa Chlár ag an am. Ball eile ba ea an scríobhaí Daniel O'Brien, a chónaigh i mBorheen, Baile Shíomóin, agus a dhéanadh lámhscríbhinní a choipeáil i séipéal Domhnach Mór, Co. Luimnigh. Bhí grúdlann ag muintir Harrold ag Tobar na Pingine, agus chabhraídis leis na filí is leis an Eaglais Chaitliceach. Tógadh séipéal i Park, i bparóiste Naomh Pádraig, faoina n-urraíocht sa bhliain 1750. Ag an am céanna, ba bhail iad de na Protestant Loyal Limerick Volunteers, a thagadh le chéile i Mungairit chun a ndílseacht don Rí a thaispeáint. Níor thrasnaigh gníomh amháin an ceann eile, dar leo, agus in ainneoin an déscartha (dichotomy) sin, chaoin Seán Ó Tuama Richard Harrold nuair a cailleadh é sa bhliain 1768. Ag geata eile na cathrach, Sparr Thuamhan, bhí cónaí ar an bhfile Séamus Bonfield, agus is é a bhí mórálach as a sheoladh is as a chumas filíochta. Agus féach gur tháinig file aitheantúil an Chláir, Brian Merriman, isteach go Old Clare Street, Luimneach, chun scoil a oscailt, agus ba ann a cailleadh é sa bhliain 1805.

Mholtaí Séamus Bonfield toisc go roghnaíodh sé Gaeilge mar mheán filíochta, bíodh go raibh Béarla ar a thoil aige. Agus is fíor go raibh teacht ar an mBéarla go saoráideach faoi dheireadh an ochtú haois déag, sa chathair go háirithe. Mar shampla amháin de sin, bhí William Goggin ag Quay Lane (Bridge Street, gar do Ard Eaglais Naomh Muire) ar a dhícheall ag foilsiú chapbooks, a mbíodh amhráin i mBéarla iontu. Chanadh na mangairí na hamhráin astu ag na haontaí ar fuaid na Mumhan, agus dhíoltaí iad ar phingin nó dhó. Bhí fáil, leis, ar nuachtáin i mBéarla, a mbíodh tuairisc na gcogaí Eorpacha iontu. Tháinig na filí i dtír orthu. Is é dhéanadís ná filíocht a chumadh i nGaeilge faoi na cogaí céanna, ar léigh siad tuairisc fúthu sna nuachtáin Bhéarla! Ní nach ionadh ba ábhar lúcháire dóibh nuair a bhuataí ar an mBreatain i gCogadh na Seacht mBlian, nó i gCogadh na Saoirse i Meiriceá, mar shampla.

Críoch

Ba í an aisling a choimeád filí Thuamhan beo, idir aitheantúil is áitiúil, san ochtú haois déag ná an dóchas go saorfaí Éire 'ó chuing an ama', nó ó dhaorsmacht na nGall. Taibhsíodh aisling do Phádraig Mac Piarais, freisin, faoi thionchar a laoich, Cú Chulainn. Chonaic file mór aitheantúil Shliabh Luachra, Aogán Ó Rathaille, a 'aisling ghéar', agus is eol dúinn gur chuir taibhreamh Mherriman idir sceon is alltacht ar fhear a chumtha. Mhaíodh Ó Rathaille go raibh ceart aige do 'na flatha fá raibh mo shean roimh éag do Chríost'. Cuir sin i gcomparáid le tuairisc an fhile áitiúil, Muiris Ó Gríofa ó Eifinn, ar a shinsir féin. Bhí sé i bhfad níos tíriúla, mar d'áitigh sé, i ndán dá chuid, nach rabhadar ardnósach, agus nach gcaithidís:

acht aibíd de ghlaschaoire is gan búclaí i mbróig,
is scairf mhín ar bhean tí go muirneach modhail.

Is maith ann iad an dá ráiteas, mar go dtiteann siad ar bonn a chéile. Is maith ann iad, freisin, an dá shaghas file, mar is trí léamh shaothar na bhfilí aitheantúla is áitiúla le chéile a thagaimid ar mheon nó *mentalité* an ochtú haois déag, díreach mar gur fusaide teacht ar *zeitgeist* 1916 trí íobairtí Con Colbert is Ned Daly ó Luimneach, mar shampla, a chur le hais aisling Phádraig Mhic Phiarais i mBaile Átha Cliath.

•

Intro
The C
allian
30-35
soldie
that a
theref

Locat
The v
locall
Rober
by a c
of the
steps.
often c
waters
Th
depict
The C
Cragg
believ
in the

Today
pilgrim

¹ David N
² C. Ó D
(1955) p
³ Michael
⁴ Ibid.